2026/1180

29.5.2026

# CINNEADH (CBES) 2026/1180 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

## an 28 Bealtaine 2026

## lena gceaptar Ceann Misin ar Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) (EUAM Ukraine/1/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/486/CBES ón gComhairle an 22 Iúil 2014 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7(1) de Chinneadh 2014/486/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála (CPS), i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) a fheidhmiú, lena n-áirítear, go háirithe, an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 14 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1353 ([2]), lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM Ukraine ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2027.

(3) An 29 Aibreán 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/850 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Rolf Michael Hay Pereira HOLMBOE mar Cheann Misin EUAM Ukraine ón 1 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2026.

(4) An 22 Bealtaine 2026, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála síneadh a chur le sainordú Rolf Michael Hay Pereira HOLMBOE mar Cheann Misin EUAM Ukraine ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2026 agus Cornelia TAYLOR a cheapadh mar Cheann Misin EUAM Ukraine ón 1 Iúil 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le síneadh a chur le sainordú Rolf Michael Hay Pereira HOLMBOE mar Cheann Misin EUAM Ukraine ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2026 agus maidir le Cornelia TAYLOR a cheapadh mar Cheann Misin EUAM Ukraine ón 1 Iúil 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear síneadh le sainordú Rolf Michael Hay Pereira HOLMBOE mar Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

([1]) IO L 217, 23.7.2014, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/486/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1353 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) (IO L, 2024/1353, 15.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1353/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2025/850 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 29 Aibreán 2025 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) (EUAM Ukraine/1/2025) (IO L, 2025/850, 5.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/850/oj).

*Airteagal 2*

Ceaptar Cornelia TAYLOR ina Ceann Misin EUAM Ukraine ón 1 Iúil 2026 go dtí an 31 Bealtaine 2027.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Bealtaine 2026.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

L. MANDEL VENSILD